

Preaseisiúint FRA

Vín, 12 Deireadh Fómhair 2017

Neamhspleáchas i bhfad ón réaltacht maidir le go leor daoine faoi mhíchumas

Tá mórán daoine faoi mhíchumas san AE ina gcónaí fós in institiúidí. Tá riosca ann go mbeidh siad scoite, imeallaithe agus coiscthe ó shaol iomlán neamhspleách a bheith acu, agus dálaí níos measa acu ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Mar gheall air sin, tá athruithe córasacha ag teastáil ar an mbealach a eagraítear agus a mhaoinítear tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas, de réir tuarascálacha nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Molann siad an méid a bhfuil ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas ón AE agus óna Bhallstáit chun maireachtáil go neamhspleách le tacaíocht ón bpobal, chun iompar poiblí a úsáid nó chun siopadóireacht a dhéanamh, go simplí.

"Go rómhinic bíonn daoine faoi mhíchumas coiscthe ó rogha agus smacht ar a saol féin a bheith acu," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "Cé go bhfuil an AE agus a Bhallstáit tiomanta chun daoine a chumasú an ceart atá acu a chur i bhfeidhm chun maireachtáil go neamhspleách, ní amhlaidh atá an scéal i ndáiríre. Feidhmíonn na tuarascálacha seo mar mheabhrúchán chun lucht déanta beartas a threorú chun a áirithiú go gcuirtear an ceart seo i bhfeidhm go hiomlán ar fud an AE."

Déantar sna tuarascálacha '**From institutions to community living**' gnéithe éagsúla den aistriú ar shiúl ó institiúidí i dtreo maireachtála neamhspleách agus pobail a fhiosrú, ar ceart é sin atá cumhdaithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD). Fiosraítear sna tuarascálacha: [pleananna agus gealltanais dí-institiúidithe](#); [maoiniú](#); agus an [tionchar atá aige seo ar dhaoine faoi mhíchumas](#).

Taispeántar sna tuarascálacha go bhfuil straitéisí dí-institiúidithe ag go leor Ballstát a chuireann orthu chun maireachtáil neamhspleách a chumasú do gach duine faoi mhíchumas. Trí chistí struchtúracha AE, rinneadh coinníoll le maoiniú a fháil den aistriú ó institiúidí go dtí tacaíocht bunaithe ar an bpobal. Mar sin féin, maidir le straitéisí, is minic nach mbíonn maoiniú leordhóthanach, agus achair ama agus spriocanna soiléire ann, agus ní bhíonn eagraíochtaí na ndaoine faoi mhíchumas páirteach mar is ceart, rud a chuireann bac ar an dul chun cinn. Ina theannta sin, tugann go leor Ballstát maoiniú d'institiúidí fós.

Mar aon le heaspa comhordaithe i measc na n-údarás náisiúnta agus áitiúil éagsúil a thugann tacaíocht, bíonn daoine faoi mhíchumas go minic ag maireachtáil i ndálaí níos measa ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Tá sé seo fíor go háirithe má bhíonn tromlagú orthu. Mar thoradh air sin, mothaíonn siad go bhfágtar amach iad agus gan smacht acu ar a saol.

Léiríonn sé seo gur gá pleananna soiléire maoinithe go cuí a bhunú maidir le maoiniú agus freagrachtaí chun tacú le dúnadh institiúidí agus chun maireachtáil bunaithe ar an bpobal a éascú, amhail réimse de roghanna cúnaimh pearsanta ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh tacaíocht chuí phobail ann chun tacú le daoine faoi mhíchumas nuair a fhágann siad institiúidí. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach rochtain a thabhairt ar sheirbhísí laethúla amhail iompar, cúram sláinte agus oideachas. Tá sé ríthábhachtach ról a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus dá n-eagraíochtaí ionadaíochta maidir le cinní a dhéanamh agus monatóireacht ar dhul chun cinn a

dhéanamh chun a áirithiú go ndíreofar ar a gcuid riachtanas ionas gur féidir leo an ceart atá acu a bhaint amach chun maireachtáil go neamhspleách.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le:

media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642.

Nótaí d’eagarthóirí:

Is é FRA comhlacht neamhspleách an Aontais Eorpaigh atá freagrach as cúnamh agus saineolas a thabhairt don Aontas agus dá Bhallstáit maidir le cearta bunúsacha. Tá tuilleadh ar obair mhíchumas FRA le fáil ar ár laithreán gréasáin [láithreán gréasáin](#).